**Santa Cruz le Eiméid Mac Mathúna**

Is grúpa roc-cheol malartach iad Santa Cruz, a tháinig le chéile don chéad uair i 2005. Sa bhanna ceol tá Damien Molony(Guth,Ríomhchlár),Marcus Mahony(Giotár), Gerard Haughey(Giotár, Dord),Tom Kevany(Giotar Rithimeach) agus Greg Kennedy(drummaí,cnaguirlis).Sheinm an banna a gcéad cheolchoirm I Feabhra 1005, ag an gceolchoirm bliantúil de chuid na Carraige Duibhe, "The Leman."Ag an bpointe seo, ní raibh siad ach sa dara bliain, ach ag an am céanna, chaith siad an-chuid ama ag taifead ceoil nua, mar sin, thug an ceolchoirm deis iontach dóibh a gcuid ceirdíochta ceoil a thaispeáint ag aois an-óg.

Ba bhliain fíor-tábhachtach é 2006 don bhanna nuair a tugadh cuireadh dóibh páirt a ghlacadh sa chomórtas ‘JAM’ ar RTÉ. Bhí an comórtas ar siúl ar feadh cúig lá, agus piocadh an buaiteoir ar an lá deireanach, (Le votáil poiblí) théis taispeántas beo an oíche sin. Bhíodar I gcomórtas le dhá bhanna ceol eile,"Solvent" agus"Struck". I ndiaidh dóibh "Wake up" a sheinnt ar an gclár,faraoir bhí an bua ag an deireadh ag Struck.In ainneoin an díomá sin, uair chinniúnach a bhí inti don bhanna. Bhain siad taithí ar leith as a bheith ag obair le daoine ar nós"Crowded House" agus an Bassist Nick Seymour, I rith an chomórtais.

Nuair a thosaigh an banna an Ceathrú Bliain ar scoil, bhí deis acu idirbhliain ceolmhar a bhaint mar aon le bliain acadúil . Ag an bpointe seo, chuir an banna na fuaimeanna glórmhara na giotár ar leathtaobh agus shocraigh siad go mbainfidís triail as réimse leathan de sintéiseoirí agus ríomhchláir. Thosaigh Damian ag seinnt ríomhchláir le fuimeanna leictreacha, agus bhainfeadh Marcus úsáid as roinnt maisíochtaí le hiontráil mhoillithe dá ghiotár, cosúil le U2 agus ‘The Edge’.Daistrigh siad a gcuid fuaime ó Roc-Pop go hathbheochan iar-phunk nó Roc Malarta mar a chuirtear air anois. Chuaigh bannaí ceoil eile ar nós Muse, U2, The Killers agus Coldplay go mór I bhfeidhm orthu.

Cé go raibh an-chuid ama acu sa cheathrú bliain, bhí deis acu níos mó ceolchoirmeacha a sheinnt in áiteanna ar fuaid na cathrach. Sheinn siad gig iomlán ag

an gclub oíche ‘The Button Factory’. Ghlac siad páirt chomh maith sa ‘Battle of the Bands’ san Acadamh. Sa Samhradh 2008, bhí cruinniú acu le bainisteoir U2, Paul Mc Guinness, mar chuir a gcuid coeil I bhfeidhm go mór air.

Ghlac an Santa Cruz páirt I ngach ceolchoirm Leman ó thosaigh siad anseo I gColáiste na Carraige Duibhe agus I mbliana, b’í an bhiain dheireanach dóibh ann. Sheinn siad an t-amhrán is déanaí dá gcuid ‘Break my fall’. Tá siad sa Séiú bliain anois agus mar sin tá siad ag caitheamh a gcuid ama go léír ar an ardteist!!! Tá an todhchaí acu I ndiaidh na scoile I ngan fhios dúinn go léir!!